Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012*

# *Teicneolaíocht*

## *Gnáthleibhéal*

*Dé hAoine, 22 Meitheamh*
*Tráthnóna, 2:00 - 4:00*

Tá **trí** Roinn sa pháipéar seo. Tabhair faoi **gach** Roinn díobh.

**Roinn A**: Croíchúrsa - Ceisteanna gearrfhreagra.

**Roinn B:** Croíchúrsa - Ceisteanna fadfhreagra.

**Roinn C:** Roghanna - Ceisteanna fadfhreagra.

## *Roinn A - Croíchúrsa* *(72 marc)*

***Treoracha:***

(a) *Freagair **naoi gceist ar bith** sna spásanna atá ann dóibh.*
*Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.*

(b) *Tarraing na sceitsí go léir le peann luaidhe.*

(c) *Tabhair ar ais an leabhrán seo ag deireadh an scrúdaithe.*

(d) *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach leathanach eile a úsáideann tú.*

| Uimhir an Ionaid |
| --- |
| |

| Roinn | Marc |
| --- | --- |
| Roinn A | |
| Roinn B | |
| Roinn C | |
| Iomlán | |
| Grád | |

***Scrúduimhir*:**

## ***Roinn A***. Freagair **naoi** gceist ar bith. Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Cuirtear síos ar *Steve Jobs* (comhbhunaitheoir Apple) mar *Thomas Edison* an lae inniu.

(i) Luaigh **dhá** nuálaíocht a luaitear le Steve Jobs.

1.________________________________________

2.________________________________________



(ii) Ainmnigh aireagán **amháin** de chuid Thomas Edison.

________________________________________

**2.** Úsáidtear *cartaí cliste* go minic sa ghnáthshaol.




(i) Luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as cártaí cliste.

________________________________________

(ii) Liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cártaí cliste a úsáid.


1.________________________________________

2.________________________________________

**3.** Baineadh úsáid as coincréit *threisithe* nuair a bhí droichead Charn Uí Néid á thógáil.

(i) Ainmnigh ábhar oiriúnach a úsáidtear chun coincréit a threisiú.

________________________________________




(ii) Ainmnigh fórsa a ghníomhaíonn ar pháirt **A** den droichead.

________________________________________

**4.**

(i) Taispeánann an ghrafaic braiteoir LDR a úsáidtear sa leictreonaic. Scríobh amach go hiomlán na focail (Bhéarla) a seasann LDR dóibh.



**LDR:**________________________________________

(ii) Is comhpháirt leictreonach *neamhpholaraithe* é LDR. Mínigh cad is ciall leis an téarma neamhpholaraithe.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**5.**

Ainmnigh tiontú fuinnimh **amháin** a tharlaíonn i gcadhnra in-athluchtaithe.




________________________________________

Is fearr don timpeallacht cadhnraí *in-athluchtaithe* a úsáid ná cadhnraí *indiúscartha*.
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste don timpeallacht a bhaineann le cadhnraí in-athluchtaithe a úsáid.

1.________________________________________

________________________________________

2.________________________________________

________________________________________

**6.**

Tá an peann a thaispeántar deartha *go heirgeanamaíoch*.

Mínigh cad is ciall leis an téarma eirgeanamaíocht.




________________________________

________________________________

________________________________

________________________________

**7.**




Sa bhosca atá curtha ar fáil, déan sceitse dea-chomhréireach 2T den solas guaise nuair a bhreathnaítear air sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

**8.**

Le linn na gcíréibeacha a tharla i Londain in 2010, tuairiscíodh gur breacadh cuntais mhíchruinne ghríosaitheacha ar na himeachtaí ar shuíomhanna ar na *Meáin Shóisialta* agus go mb'fhéidir go raibh siad sin ina gcúis lena thuilleadh corraíola.



Ainmnigh **dhá** shuíomh de chuid na Meán Sóisialta.

1.______________________________________________

2.______________________________________________

**9.**

Taispeántar lógó na *Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil* (EPA i mBéarla).

epa

Tabhair breac-chuntas ar an bhfeidhm atá ag an EPA.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Liostaigh **ceithre** mhír oibre ba cheart a bheith san áireamh i *Struchtúr Miondealaithe Saothair* (WBS i mBéarla) le teach a thógáil.

1. ________________________________________
2. ________________________________________
3. ________________________________________
4. ________________________________________



**11.**

Ainmnigh an t-eagar giaranna a thaispeántar ag **A**.


**A**:___________________________________

Luaigh gnáthfheidhm **amháin** atá ag an eagar giaranna seo.


___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________




**12.** Bain úsáid as **dhá** theicníc ghrafacha chun an léiriú grafach ar an mótar a thaispeántar a fheabhsú.



Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2012***

# *Teicneolaíocht*

## *Gnáthleibhéal*

***Dé hAoine, 22 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:00***

## *Roinn B - Croíchúrsa* *(48 marc)*

*Freagair an **dá** cheist.*

*Tá 24 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn B.*

## *Roinn C - Roghanna* *(80 marc)*

*Freagair **dhá** cheann de na cúig rogha atá ann.*

*Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn C.*

***Treoracha:***

*(a)* *Freagair na ceisteanna seo sa fhreagarleabhar atá curtha ar fáil.*


*(b)* *Scríobh do scrúduimhir ar an bhfreagarleabhar.*

*(c)* *Tarraing na sceitsí go léir le peann luaidhe.*

*(d)* *Tabhair ar ais an freagarleabhar i ndeireadh an scrúdaithe.*

# *Roinn B - Croíchúrsa* *Freagair Ceist 2 **agus** Ceist 3.*


## ***Ceist 2*** *- Freagair 2(a)* ***agus*** *2(b)*




***2(a)*** Taispeánann an ghrafaic 3D coinneálaí peann luaidhe a dhear mac léinn. As *teirmeaplaisteach* agus *crua-adhmad* atá an coinneálaí peann luaidhe déanta.

(i) Mol teirmeaplaisteach oiriúnach **agus** crua-adhmad oiriúnach chun an tionscadal seo a dhéanamh.

(ii) Agus úsáid á baint as sceitseanna simplí anótáilte, déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun an chuid phlaisteach (**A**) a cheangal den bhonn adhmaid (**B**).



***2(b)*** Tá cuma chruinn curtha ar chiumhais bhairr an bhoinn adhmaid mar a thaispeántar.

(i) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an chiumhais chruinn a dhéanamh. Luaigh **dhá** réamhchúram Sláinte agus Sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh agus an próiseas seo á chur i gcrích.

Safetymatters

(ii) Is gá bailchríoch dhromchla a chur ar an mbonn crua-adhmaid. Ainmnigh **dhá** bhailchríoch oiriúnacha dhromchla a d'fhéadfaí a úsáid.

(iii) Déan cur síos ar conas ba chóir an bonn a ullmhú **sula** gcuirtear an bhailchríoch dhromchla air.

## *Freagair 2(c)* ***nó*** *2(d)*

***2(c)*** Úsáidtear cairteacha Gantt chun na céimeanna agus na gníomhaíochtaí i mbainistiú tionscadail a léiriú. Taispeántar cairt shimplí Gantt le haghaidh mhonarú an choinneálaí peann luaidhe ag ***2(a)*** thuas.

| **Tasc/Fad Ama** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An bonn a mharcáil amach | ■ | | | | | |
| An bonn a mhonarú | | ■ | | | | |
| An coinneálaí a mharcáil amach | | | ■ | | | |
| An coinneálaí a mhonarú | | | | ■ | ■ | |
| Cóimeáil an tionscadail | | | | | | ■ |

(i) Liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cairteacha Gantt a úsáid.

(ii) Ón gcairt Gantt a thaispeántar, mol tréimhse chuí ama chun tionscadal an choinneálaí peann luaidhe a chur i gcrích.


**NÓ**

***2(d)*** Féadfaidh mic léinn cláir bhogearraí CAD ar nós SolidWorks a úsáid agus tionscadail á ndearadh agus á monarú acu.


(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cláir bhogearraí dá leithéid agus obair thionscadail á déanamh.

(ii) Nuair a chuireann mac léinn tionscadal i gcrích is inmhianaithe íomhá dhigiteach den tionscadal sin a chuimsiú san fhillteán dearaidh.

Déan cur síos ar conas is féidir é sin a dhéanamh.



## ***Ceist 3*** - *Freagair 3(a)* ***agus*** *3(b)*





***3(a)*** Taispeánann an ghrafaic dearadh d'orláiste uibhe. Déantar cuid **A** den tionscadal trí bhileog de Pholaistiréin Ardtuinsimh (HIPS i mBéarla) a fholúsfhoirmiú.

(i) Mol ábhar oiriúnach don mhúnla a úsáidtear chun cuid **A** a fholúsfhoirmiú.

(ii) Agus nótaí agus sceitseanna anótáilte á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an múnla a dhéanamh.

***3(b)*** Taispeánann an léaráid ciorcad amadóra don tionscadal thuas.




(i) Agus úsáid á baint as an leabhrán foirmlí agus táblaí nó ar bhealach eile, ainmnigh an chomhpháirt **A**.

(ii) Atarraing trasraitheoir **B** i do fhreagarleabhar agus cuirlipéad ar an tiomsaitheoir, ar an mbonn agus ar an astaíre.


(iii) Déan cur síos ar cén fáth a n-úsáidtear an poitéinsiméadar **C** i gcomhar leis an toilleoir **D** sa chiorcad seo.

## *Freagair 3(c)* ***nó*** *3(d)*

***3(c)*** Taispeánann an ghrafaic clár ciorcad priontáilte (PCB) ionsamhlaithe atá cosúil leis an gciorcad amadóra thuas.


(i) Ainmnigh clár bogearraí a d'fhéadfaí a úsáid ar scoil chun léaráidí de chiorcaid ionsamhlaithe a dhéanamh.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bogearraí ionsamhlaithe ciorcaid a úsáid nuair a bhíonnciorcad á dhearadh.




**NÓ**

***3(d)*** Úsáidtear *Léaráidí Cúise agus Éifeachta* chun na cúiseanna le fadhbanna a bhaineann le cáilíocht a aithint.




(i) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh *earráid dhaonna* fadhbanna a chruthú i gcáilíocht táirge mhonaraithe.

(ii) Mol **dhá** iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ann do chuideachta a mhonaraíonn baisc de tháirgí lochtacha.

# *Roinn C - Roghanna* - *Freagair **dhá cheann ar bith** de na Roghanna*

## *Rogha 1 - Córais Rialaithe Fheidhmeacha* - *Freagair 1(a) **agus** 1(b)*

***1(a)*** (i) Is féidir *PIC a ríomhchlárú* chun raon tascanna a dhéanamh.
Mínigh na téarmaí 'PIC' (sa Bhéarla) agus 'ríomhchlárú'.


(ii) Luaigh **dhá** shampla d'fheistí leictreonacha a rialaítear le teicneolaíocht PIC.

***1(b)*** Taispeánann an ghrafaic slis PIC 18 bpionna.



(i) Mínigh, agus léaráid shimplí á húsáid agat, conas is féidir pionna uimhir 1 a aithint ar an tslis sin.

(ii) Is féidir leis an tslis seo ionchuir *Analógacha* agus ionchuir *Dhigiteacha* a úsáid.
Luaigh ionchur analógach **amháin** agus ionchur digiteach **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid le PIC.





(iii) Úsáidtear LED agus é cumhachtaithe ag cadhnra mar fhoinse solais taobh istigh de vardrús. Nuair a ghníomhachtaítear lasc casann an LED air ar feadh 20 soicind agus ansin casann as go huathoibríoch.

Déan cóip i do fhreagarleabhar den tsreabhchairt a thugtar agus críochnaigh í chun an t-eolas thuas a léiriú.

### *Freagair 1(c) **nó** 1(d)*

***1(c)*** Tar éis chrith talún agus tsunami na Seapáine in 2011, úsáideadh róbait chun cuidiú le hoibrithe tarrthála.



(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le róbait a úsáid sna cúinsí sin.

(ii) Taispeánann an ghrafaic an róbat *Quince* atá deartha chun cuidiú le sonraí a bhailiú ó cheantair ina raibh tubaiste timpeallachta.


Mol **dhá** fheiste a d'fhéadfadh a bheith san áireamh sa róbat *Quince* chun a chur ar a chumas sonraí a bhailiú.

**NÓ**


***1(d)*** Baineann an neomataic sa Teicneolaíocht le haer faoi bhrú a úsáid chun gluaisne mheicniúil a tháirgeadh.

(i) Luaigh gnáthshampla **amháin** den úsáid a bhaintear as an neomataic.
Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann leis an neomataic a úsáid sa sampla atá tugtha agat.


(ii) Ainmnigh na **trí** chomhpháirt neomatacha **A**, **B** agus **C** a thaispeántar thíos:




**A**




**B**



**C**

## *Rogha 2 - An Leictreonaic agus an Rialú - Freagair 2(a) agus 2(b)*




***2(a)*** Is féidir an 555 IC a thaispeántar a chumrú in dhá staid nuair a bhíonn ciorcaid á dtógáil. *Aonchobhsaí* agus *neamhchobhsaí* atá na staideanna sin.

(i) Tabhair breac-chuntas ar an difríocht idir aonchobhsaí agus neamhchobhsaí.


(ii) Luaigh úsáid shimplí do gach ceann de na staideanna ciorcaid thuas.

***2(b)*** Taispeánann an léaráid chiorcaid 555 IC sa staid neamhchobhsaí.

(i) Mínigh cén fáth a n-úsáidtear LEDanna go minic in ionad bolgán i dtógáil ciorcad.

(ii) Luaigh feidhm an fhriotóra **A** sa chiorcad sin.

(iii) Ainmnigh an t-aonad toillis. Mínigh cén fáth a n-úsáidtear toilleoir **B** sa chiorcad seo.




*Freagair 2(c)* ***nó*** *2(d)*

***2(c)*** Úsáidtear braiteoirí go forleathan in oibríocht córais chreasa iompair.



(i) Mol braiteoir oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid chun líon na mboscaí ag gluaiseacht ar feadh crios iompair a chomhaireamh.
Tabhair **dhá** chúis le do rogha.

(ii) Úsáidtear *léiriú seacht ndeighleog* chun líon na mboscaí atá comhairthe a thaispeáint.
Agus sceitse lipéadaithe á úsáid agat, taispeáin an cumrú ar an léiriú seacht ndeighleog a sheasfadh do **chúig** bhosca comhairthe.

**NÓ**

***2(d)*** Úsaideann an ciorcad leictreonach a rialaíonn córas creasa iompair geataí loighce chun boscaí a roinnt ina dhá gcatagóir, bunaithe ar mheáchan agus ar mhéid.

(i) Tarraing an tsiombail do gheata **AND** a bheadh oiriúnach lena úsáid sa chóras creasa iompair a bhfuil breac-chuntas tugtha air.


(ii) I do fhreagarleabhar, tarraing agus críochnaigh an tábla fírinne do gheata **AND**.

## *Rogha 3 - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide - Freagair 3(a)* **agus** *3(b)*



***3(a)*** (i) Agus cur síos á dhéanamh ar ríomhairí agat, mínigh an difríocht idir na téarmaí *Crua-earraí* agus *Bogearraí.*

(ii) Tabhair **dhá** shampla de gach ceann díobh.




***3(b)*** Is é atá i gcárta grafaice i ríomhaire ná clár ciorcaid speisialaithe.

(i) Luaigh **dhá** fheidhm atá ag cárta grafaice.


(ii) Mínigh an téarma *picteilín*.

(iii) Mínigh conas a imríonn picteilíní tionchar ar cháilíocht na híomhá ar scáileán ríomhaire.

### *Freagair 3(c)* ***nó*** *3(d)*




***3(c)*** Stórálann *néalríomhaireacht* ceol, grianghraif agus doiciméid ar féidir teacht orthu gan sreang le feistí amhail fóin chliste, ríomhairí glúine agus netbook.



(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann leis an néalríomhaireacht.

(ii) Luaigh sampla **amháin** d'*app* (feidhmchlár) fóin agus tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh an *app* seo feabhas a chur ar ghné dár gcuid am saor.

**NÓ**



***3(d)*** Úsáideann cuideachtaí ilnáisiúnta ar fud an domhain an *fhíschomhdháil*.

(i) Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an bhfíschomhdháil.

(ii) D'fhéadfadh priacail don tsláinte a bheith ag baint le húsáid rialta ríomhairí.

Luaigh **dhá** phriacal a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis agus mol conas a d'fhéadfaí na priacail sin a laghdú.

# ***Rogha 4 - Córais Déantúsaíochta*** - *Freagair 4(a)* ***agus*** *4(b)*

***4(a)*** Taispeánann na grafaicí ríomhaire glúine agus cáca bainise.
Rinneadh na táirgí seo mar earraí *Déanta-ar-Ordú* agus *Cóimeáil-ar-Ordú*.





(i) Cé acu táirge díobh atá déanta-ar-ordú.

(ii) Mínigh an difríocht idir *Déanta-ar-Ordú* agus *Cóimeáil-ar-Ordú*.

***4(b)*** D'éirigh le Coca-Cola a bheith ina bhranda domhanda an-iomaíoch trí bheith *ag iomaíocht ar chostas* maidir leis an raon de dheochanna boga a dhíolann sé.




(i) Tabhair breac-chuntas ar chuid de na príomhchéimeanna a bhféadfadh déantúsóir cosúil le Coca-Cola a thabhairt chun a bheith 'ag iomaíocht ar chostas' lena n-iomaitheoirí ar an margadh.

(ii) Seachas a bheith *ag iomaíocht ar chostas*, tabhair breac-chuntas ar straitéis **amháin** a d'fhéadfadh déantúsóirí na hÉireann tarraingt chucu fein chun bheith níos iomaíche sna saolta deacra eacnamaíochta seo.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar ghné **amháin** *d'obair foirne* a bheadh tábhachtach i dtasc amhail lógó a dhearadh agus a dhéanamh le haghaidh an bhuidéil do Chluichí Oilimpeacha 2012 a thaispeántar.

## *Freagair 4(c)* ***nó*** *4(d)*



***4(c)*** Déantar cuid mhaith táirgí leictreonacha a dhearadh le saolré ghearr.

(i) Mol **dhá** chúis a bhféadfadh saolré ghearr a bheith ag táirge.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar thionchar diúltach timpeallachta **amháin** atá ag táirge le saolré ghearr agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí tionchar táirge dá leithéid a laghdú.

**NÓ**

***4(d)*** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis ba chóir táirgí a thástáil sula ndíoltar le custaiméirí iad.



(ii) Luaigh **dhá** ghné den triomadóir gruaige a thaispeántar a d'fhéadfaí a thástáil lena chinntiú go gcomhlíonann sé na caighdeáin is airde feidhmíocht.

# *Rogha 5 - Teicneolaíocht Ábhar* - *Freagair 5(a)* ***agus*** *5(b)*

***5(a)*** Rinneadh an pionsúr agus an canna dí a thaispeántar agus úsáid á baint as miotal *feiriúil* agus miotal *neamhfheiriúil* faoi seach.





(i) Mínigh an difríocht idir miotal feiriúil agus miotal neamhfheiriúil.

(ii) Ainmnigh miotal a bheadh oiriúnach chun **gach** earra ar leith a mhonarú.

***5(b)*** Thuirling an scairdeitleán nua 787 Dreamliner, a rinne Boeing, i mBaile Átha Cliath mar chuid dá thuras sárthaispeántais ar fud an domhain. Baintear cuid mhaith úsáide as *ábhair chomhchodacha* i monarú an eitleáin seo, eitleán atá an-éifeachtach.




(i) Mínigh an téarma 'ábhar comhchodach'.

(ii) Tabhair **dhá** shampla d'ábhair chomhchodacha.


(iii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hábhair chomhchodacha a úsáid in ionad alúmanaim i dtógáil eitleán.

*Freagair 5(c)* ***nó*** *5(d)*

***5(c)*** Rinneadh codanna den eitleán seo in áiteanna éagsúla ar fud an domhain sular cóimeáladh iad in aon áit amháin.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfaí codanna éagsúla a mhonarú i monarchana difriúla ar fud an domhain.

(ii) Úsáidtear *ailt bhuana* agus *ailt leathbhuana* i monarú an eitleáin seo.
Ainmnigh alt buan **amháin** agus alt leathbhuan **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid ina chóimeáil.




| | Cuid | Déanta in |
|---|---|---|
| A | Cabhail Tosaigh | SAM |
| B | Cabhail Láir | An Iodáil |
| C | Sciathán | An tSeapáin |
| D | Soc Sciatháin | An Chóiré Theas |
| E | Cúlfhaobhar | An Astráil |

**NÓ**

***5(d)*** Is le *múnlú trí instealladh* a rinneadh cúl an taca cinn a thaispeántar.

(i) Ainmnigh plaisteach oiriúnach lena úsáid i meaisín múnlaithe insteallta.

(ii) Déan cur síos, agus nótaí agus sceitsí anótáilte á n-úsáid agat, ar an bpróiseas múnlaithe insteallta.



Cúl an taca cinn

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán